Príoṁ Oifiġeaċ Ġearmoideaċais Ṁuiġeo

cúis bróin é go bfuil príoṁ-oifigeaċ gairm-oideaċas co. ṁuiġeo ag éirí as oifig i mí ṁárta i mbliana.

Tá sé na Ṗríoṁ-Oifigeaċ i gCo. Ṁuiġeo ó 1932, agus is mór atá déanta aige le cúrsaí Gairm-Oideaċais a ċur ar aġaiḋ insan ċondae.

Gaeilgeoir maiṫ isea an tUasal Ó Loċlainn, agus bí sé i gcónaí ullaṁ le cabair ar biṫ a ṫiocfaiḋ leis a ṫabairt ċun Gairm-scolaíoċt a ċur ċun cinn sa Ġaeltaċt.

Ag an ċruinniú deiriḋ de Ċoiste Gairmoideaċais Ṁuiġeo, dúirt Eoin Mac Aoḋa, leas-ċaṫaoirleaċ, naċ raiḃ buan-scoltaċa Gairm-oideaċais ar biṫ i Muiġeo, nuair a ceapaḋ an tUasal Ó Loċlainn, aċ, san lá inniu, bí siad le fáil gaċ áit frío an condae.

Dúirt M. S. MacCraiṫ, Co.C., go raiḃ obair mór déanta don Oideaċas agus don náisiúntaċt ag an Uasal Mac Loċlainn.

halla ḃaile na gaillime

Tá Bainisteoir na Condae ag brat seilḃ a ḟáil ar halla baile na Gaillime in aineoin naċ bfuil cuid de na Comairleoirí ag taḃairt tacaíoċt dó. Tá an halla baile ar cíos ag muinntir Nardimann le fada fada an lá, agus dúirt an Bainisteoir ċeana go raiḃ an cíos as cuimse íseal ar fad. Tá halla an ḃaile ag teastáil ón mBainisteoir le ionad a ḟáil don Leaḃarlainn Condae, agus do ionad Cánaċ Gluaisteán, agus b'ḟéidir do Ḃárdas na Gaillime. Aċ, dúirt an Seanóir F. Ó Cuagáin, T.D., go raiḃ an Bainisteoir ag brú an Ċomairle ar an ngnó seo, agus d'aontaiġ Gearóid Ó Ceallaiġ leis.

Ṫar ċeann an Ḃainisteora Condae, dúirt an t-Innealltóir Condae, go raiḃ práinn dlí leis an ċeist. Bí tacaíoċt an Ċomairle ag teastáil ins na cúiseanna dlí, agus beaḋ an halla de ḋíṫ fá ċoinne seirbís Leaḃarlanna agus oifig cánaċ gluaisteán.

Dúirt an Caṫaoirleaċ, Miċeál Mac Cárṫaiġ, T.D., gur ċeart díoḃa treoir a ṫaḃairt don Ḃainisteoir, seilḃ a ḟáil ar an halla, agus a úsáid fá ċoinne cibé gnó ab' ḟearr a d'ḟillfeaḋ don Ċomairle.

Ar ṁolaḋ ó Ṫomás Mac an Rí, agus Fiontán Ó Cuagáin, socraíoḋ é ċur siar go dtí cruinniú Dé Luain, nuair a ḃeaḋ an Bainisteoir i láṫair.

Arsa Pádraic Seoiġe, go ciallṁar ar fad: "Tá mé cinnte go gcuirfiḋ dreamanna príoṁaideaċa cinema nua-aoiseaċ ar fáil ċoṁ lua agus a ḃéas hala an baile dúnta.

stuirṫóirí bus ó'n ġaeltaċt

tá scéim nua ar siúl ag c.i.e. fá ċoinne stiúrṫóirí busanna do ċeantar ḃaile áṫa cliaṫ, a ṗiocaḋ. déanfaiḋ siad iarraċt tréan le stiúrṫóirí a ḟáil ar tús i gciarraí, ar feaḋ tréiṁse, taréis sin, i gco. na gaillime, agus taréis sin i dtírċonaill.

Is condaeṫa Gaeltaċt na trí condae, agus tá an cuideaċtain ag súil le roinnt ṁaiṫ cainteoirí dúċais a ḟáil imeasc na Stiúrṫóirí bus.

Tá géar ġá ag an ċuideaċtain le stiúrṫóirí Gaeilge, go speisialta leis na turasanna oideaċais a bíos ar siúl anois. Nó fuair an ċuideaċtain amaċ gur fearr le i bfad níos mó de na múinteoirí anois, go mbeaḋ an traċtaireaċt as Gaeilge, ar na turasanna seo.

Coṁ maiṫ leis sin, tá roinnt ṁaiṫ éileaṁ ar stiúrṫóirí busanna, le Gaeilge ar cuid ṁaiṫ dena turasanna i mBaile Áṫa Cliaṫ. Go dtí seo, as Baile Áṫa Cliaṫ ba ṁó a ṗioctar na stiúrṫóirí, agus ins na páipéirí laeṫúla a ċuirtí na fógraí.

Ċaiṫfeaḋ iarratóirí ón tuaiṫ ṫeaċt go Baile Áṫa Cliaṫ fá ċoinne agallaiṁ agus trialaċa, sula bféadfaí iad a ċeapaḋ ċun poist. Aċ ó seo amaċ socrófar agallaṁa agus trialaċa in áiteaċa ins na condaeṫa a luamar.

Bí fógraí i bpáipéir Ċiarraí ar feaḋ mí na Nollag fá ċoinne fir óga ó 18-25 agus deirtear go raiḃ toraḋ an ṁaiṫ ar an bfeaċtas, agus go mbeiḋ agallaṁa ar siúl i dTráiġlí go lua an mí seo.

Tugtar aiseanna speisialta do na fir a ceaptar i mBaile Áṫa Cliaṫ, agus beirtear liosta díoḃa do áiteaċa ar dtig leo lóistín sásúil a ḟáil, agus coṁ maiṫ leis sin, tá an cuideaċtan ag déanaṁ iarraċt ar comrádaiṫe nó gaolta a ċeapaḋ don ġaráiste ċéanna, sa tslí go mbeiḋ siad ag obair in aice le ċéile. Tugtar post buan do na stiúrṫóirí nuair a bíonn bliain do ṡeirbís sásúil déanta acu.

Coṫram Don Gaeltaċt

Ag an ċruinniú de Ċoṁairle Condae na Gaillime, tug Caṫaoirleaċ an Ċoṁairle, Miċeál Mac Cárṫaiġ, T.D., molaḋ mór do polasaí an Ċoiste Gairm-oideaċas ar scoileanna nua a ṫógáil.

Dúirt sé gur ċeart coṁġáirdeaċas a ḋéanaṁ leis an Ċoiste Gairm-Oideaċais ar an clár mór oibre a ḃí ar siúl acu ins na ceantair Gaeltaċta. Is é an polasaí atá acu, scoil a ṫógáil insan Ġaeltaċt ós coinne gaċ scoil a tógtar insan Ġalltaċt. Sa gcaoi sin, ní féidir le duine ar biṫ a rá, go bfuiltear ag déanaṁ failí i gConamara, agus is polasaí é sin ar ċeart dúinn molaḋ agus tacaíoċt a ṫaḃairt dó, adúirt an tUasal Mac Cárṫaiġ.

Ar a ṁolaḋ san, d'aontaiġ an Coṁairle le scéim airgeadais an Ċoiste do 1965-66. Beiḋ an Coṁairle Condae ag taḃairt íocaíoċt do £6,522 fá ċoinne na scéime.

Ċeaṫrú Rua

Scéal maiṫ don Ċeaṫrú Rua le linn na Nollag, scéala ó duine a rugaḋ agus a tógaḋ insan Ċeaṫrú Rua, cé gur ċaiṫ sí furmór a saoil i Meiriceá. Tá cuid de na sean daoine fós ar cuiṁin leo Caitríona Uí Ċongaile, a d'ḟág, agus í an óg, le dul go Boston.

Fuair sí bás le déanaí, agus d'ḟág sí 30,000 dollaer (£10,000) ag Ceaṫrú Rua, agus muinntir na Ceaṫrúin Ruaiḋ.

Bí sé leagṫa amaċ insan uaċt, a rinne Caitríona Ní Ċongaile go gcaiṫfí an t-airgead ar soláṫar scéim uisce do ṗobal agus ainmiṫe Ċeaṫrú Rua, agus le bia agus éadaċ a ċur ar fáil do ṗáistí boċta. D'ḟógair Caṫaoirleaċ an Ċoṁairle Condae, Miċeál Mac Cárṫaiġ, T.D., é seo ag an ċruinniú deiriḋ do Ċoṁairle Condae na Gaillime, agus bí na baill go léir ana ṡásta leis an uaċt.

Dúirt an tUasal Mac Cárṫaiġ gur fágaḋ an t-airgead ag Méire an Ċeaṫrú Rua. Dúirt Rúnaí na Coṁairle Condae, Liam Ó Luanaiġ, go bféadfaḋ sé go mbeaḋ 30,000 dollaer ar fáil, ⁊ go raiḃ an Coṁairle Condae á ġlacaḋ ṫar ċeann sráidḃaile na Ċeaṫrúin Ruaiḋe.

Dúirt an tUasal Ó Luanaiġ freisin go raiḃ scéim uisce ċeana féin ag an gCeaṫrú Rua agus mar sin de, go mbunófaí ciste le éadaċ a ċur ar fáil do páistí boċta na paráiste.

Ṁol S. Mac Eoċagáin, T.D., go ndéanfaí é seo, agus ċaḃraiġ an Seanóir F. Ó Cuagáin, T.D., leis.

Tomás Mac an Rí: Os rud é gur ṡoláṫraíomar an t-uisce, b'ḟéidir gur ċeart dúinn an tairgead do ċoiméad. (Gáirí).

Ard a' Raṫa

Bí an sneaċta agus an siocán go h-an olc anseo tá seaċtain ó ṡin. Bí beanna Gleann Geis insan rioċt agus naċ dtiocfaḋ le a ḋaṫ ar biṫ. ar roṫaí, a ḋul air, agus bí Carraig a' tSléiḃe agus an ceantar ṫart timpeall sa rioċt ċéanna.

Níl baol ar feaḋ tamaill ar na caoirí ar na cnoic, aċ tugaḋ anuas ar an ísleaċt, agus caiṫfeaḋ fodar amaċ acu, agus bí siad ceart go leor.

Ag oíċe Ċaidriṁ Ċumann Lán-Staonaċas Árd a' Ráṫa, i halla Nighlands, ar na mallaiḃ. Bí slua maiṫ i láṫair, ar a raiḃ an tAṫair L. Mac Meanmain, S.C., Stiúrṫóir Spioradálta; E. Ó Seaḃlín, Uaċtarán; Máirín Nic Coill, Rúnaí agus Máire Ní Ḋuiḃir, Cisteoir. Agus ar baill an ċoiste a ḃí i láṫair. Bí P. S. Mac Giolla. O.S., P Mac Giolla, O.S., Brocaċ; Breandán Ó Caoṁánaiġ; Pádraic Mac Niallu is. Brocaiġ; Seán F Ó Gallċoḃair, Baile Ċaiseal. Tá ós cionn 300

oibriṫe coṁairle condae

Ag an ċruinniú do Ċoṁairle Ċondae na Gaillime, Dé Saṫairn seo caite, d'iarr Pádraic Seoiġe ar an Innealltóir Condae, míniú a ṫaḃairt ar a polasaí nua de ṫairḃe taḃairt ar oibriṫe éirí as a gcuid oibre.

Dúirt an tUasal Seoiġe, gurḃ eol do, beirt oibriṫe bóṫair ar cuireaḋ de iaċall orṫa dul as, cé go raiḃ siad in inniṁ oibre. Dá ḃárr sin, bí imní mór imeasc na n-oibriṫe a raiḃ éigċinnteaċt oibre acu anois.

Dúirt an tInnealtóir gur gníoṁaíoċt bainisteor a ḃí i bfostaíoċt, agus dul ar pinsean, oibriṫe.

Pádraic Seoiġe — Cuireaḋ na daoine seo as obair agus níl fios acu cé'n fáṫ.

An Caṫaoirleaċ — Abair leo scríoḃ ċuig an Bainisteoir agus caiṫfiḋ sé an t-eolas a ṫaḃairt dóiḃ.

leaḃar nua ar £300

Tá cuideaċtan ins n a Stáit Aontaiṫe ar foilsiú leaḃar aondéag imleaḃar, mar Index do iomlán na Láiṁscríḃiní a bfuil tráċt ar stair agus saoṫúlaċta na hÉireann ionta. Ṫar ċeann an Leaḃarlann Náisiúnta a ḃéas na h-imleaḃra seo á bfoilsiú i mí Aibreáin. Foireann na Leaḃarlanna, le caḃair ó cúpla céad leaḃarlanna eile, a ċuir an t-eolas le ċéile, agus tá ós cionn ceaṫrú-milliún leaḃair agus láiṁ-scríḃiní luaiṫe ann, agus baintear úsáid as doicméidí ag tráċt ar Éirinn, agus gníoṁaíoċt Éireannaċ sa ḃaile agus ṫar lear ón 5ú aois go dtí an 20ú aois. Tá an obair, faoi stiúrú Risteard Ó hAoḋa, ag dul ar aġaiḋ le roinnt ṁaiṫ blianta. Cosnóiḋ an leaḃar 800 dollars, in Éirinn, nó 880 dollars lasmuiġ do Éirinn, aċ beiḋ sé le fáil roiṁ an dáta foilsiṫe ar 640 dollars in Éirinn agus 704 dollars lasmuiġ do Éirinn.

An Roinn Oideaċais — Brainse an Ġarmoideaċais.

Scrúduiṫe na nGairmscoileanna, 1965

agus

Scrúduiṫe Teastais do Ġairm-Ċúrsaí Lae, 1965.

Tionólfar na scrúdaiṫe ṫuasluaiṫe i mí Bealtaine agus i mí Meiṫiṁ. Ní mór iarratais a ċur ċuig na Gairmscoileanna agus glacfar leo go dtí an 2ú Feaḃra, 1965.

Ní glacfar le hiontrálaċa déanaċa.

T. Ó RAIFEARTAIĠ,
Rúnaí.

4½ uair go h-aṫ cliaṫ

Tá an dá luas-seirḃís speisialta a cuireaḋ ar siúl idir Baile Áṫa Cliaṫ agus Leitir Ceanainn, agus Baile Áṫa Cliaṫ ⁊ Doire, agus ṫar n-ais, ag obair go rí ṁaiṫ, agus cuma air go bfuil éileaṁ maiṫ orṫa. Bíonn dá bus ó Ḃaile Áṫa Cliaṫ ar maidin ⁊ tráṫnóna ċuig Doire agus ċuig Leitir Ceanainn, agus dá bus ó Leitir Ceanainn agus Doire go Baile Áṫa Cliaṫ, gaċ lá den tseaċtain, agus ceann aṁáin ar an Doṁnaċ. Má ṁaireann an uiṁir paisnéirí go buan, de réir mar atá, is cinnte go leanfar de na seirḃísí ,aċ meastar gur dóiċe go mbeiḋ i bfad, i bfad níos mó nó amaċ taréis na Cásca.

Tá luas-ḃus anois ó Ḃaile Áṫa Cliaṫ go Inis Ceiṫleann ⁊ is deacair a ṫuigbeáil cé'n fáṫ naċ sínfí an bus sin ó Inis Ceiṫleann go Baile Ḋún na nGall ⁊ ó sin frío an taoḃ ṫiar de Ḋún na nGall síos go dtí an Cloċán Liaṫ. Dá ndéantaí é, is cinnte naċ mbeaḋ aon ġanntanas paisnéirí air, go h-áiṫrid taréis na Cásca.

cé'n fáṫ a bfuil sí ag screadaiġ

Bí Miċeál óg ag Coirm Ċeoil le na Ṁamaí oíċe aṁáin. Bí sé ag baint lán na súil as an fear stiúrṫa. Sa deire arsa seisean le na Mamaí, "cé'n fáṫ a bfuil sé ag bagairt ar an ċailín ṫuas ar an ardán?" "Ní ag bagairt uirṫi atá sé," arsa siste. 'Druid do ḃéal anois a Ṁiċeáil. "Aċ a Mamaí," arsa seisean arís, 'Muna a bfuil sé ag bagairt uirṫi cé'n fáṫ bfuil sí ag screadaiġ!"

Dé hAoine—5.1, Diamonds in the Sky. 5.20, Records For Children. 5.30, The Secret Garden. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na hAoine. 6.20, Announcements. 6.25, Focal on Dochtuir. 6.45, Sports Stadium. 7.30, Break For Music. 8.1, Irish Dance Music. 8.15, A Munster Journal. 8.45, Faoi Ghrian an Mhean-oiche. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Around the Town.

Dé Sathairn—5.1, Songs With Guitar. 5.15, Junior Sports Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an tSathairn. 6.20, Announcements. 6.45, Who's News? 7.15, Song Bag. 7.45, This Week at the United Nations. 8.01, Dear Sir or Madam. 8.30, The Maureen Potter Show. 9.1, The R-E-L-O Show. 9.45, William Clauson, Troubadour. 10.30, Ceili House.

Dé Domhnaigh — 10.25, Weather Forecast. 10.30, High Mass. 11.30, Morning Service. 12.30, Folksting. 1.0, The Maureen Potter Show. 1.35, Provincial News Round-up. 2.0, Town Hall To-night. 2.45, Topic. 3.15, Ceolta Tire. 3.30, Never So Good: A play. 4.40, Ataid ar Muintir Saidhbhir. 5.0, Ceol Do Phaisti. 5.30, Down the Country. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht Anall, Nuacht Abhfus. 6.25, Appeal. 6.40, Soccer Survey. 6.50, Newspoint. 7.10, An Sagart Linn. 7.15, The Seventeen Club. 8.0, A Tribute to Jimmy O'Dea; and The O'Dea Story. 9.30, The Years of the Great Test. 10.0, Gaelic Sports News. 10.30, Music of the Nation. 11.0, Record Report.

Dé Luan—5.1, The Adventures of Gonna. 5.15, Songs for Children. 5.30, The Secret Garden. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an Luain. 6.20, Announcements. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Requests from the Irish Troops Overseas. 7.30, Fleadh Ceoil an Radio. 8.1, Shopping for Prosperity. 8.30, The Long and the Short. 8.45, Homage to T. S. Eliot. 9.1, Aeriris. 9.30, Field and Farmhouse. 10.30, Late, But Light. 10.45, City Newsreel.

Dé Mart — 5.01, The Wise Prince. 5.15, Ceol Rince. 5.30, Ar Fud na Tire. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Mairte. 6.20, Report on Attested Store Cattle Sales; Announcements. 6.45, A Job of Journeywork. 7.15, This is Your Business. 7.445, The Radio Eireann Singers. 8.1, A Woman's World. 8.30, Cursai Thomais. 9.1, Symphony Concert. 9.55, Records. 10.30, Requests from Overseas. 11.15, Thanks for the Memory.

Dé Ceadaoin—5.1, Twisk and Snoodle. 5.15, Records For Children. 5.30, Junior Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Ceadaoine. 6.20, Cattle Market Report; Announcements. 6.45, Merry-Go-Round. 7.30, Favourite Records of Famous People. 8.1, Gardening Magazine. 8.30, I Remember. 9.1, New Music from New Zealand. 9.45, Guth Aduaidh. 10.30, Today in the Seanad. 10.45, Leningrad Visited.

Deardaoin — 5.01, Ri na Siog. 5.15, Folk Songs From Many Lands. 5.30, The Little Corsican. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Deardaoine. 6.20, Announcements. 6.25, Here's the Doctor. 6.45, Fleadh Ceoil an Radio. 7.15, Annso is Annsud sa Mhumhain. 7.30, Old St. Paul's. 8.1, The Josh White Song Book. 8.30, Between Ourselves. 9.1, Any News from Harry? 9.15, Masters and Moderns. 9.45, Deireadh Re. 10.30, Recital.